C/2024/4512

10.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11601 — KIWA / ADESSO / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4512)

1. An 1 Iúil 2024, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Kiwa Deutschland GmbH ('Kiwa', an Ghearmáin) faoi rialú SHV Holdings N.V. (an Ísiltír),

— adesso SE ('adesso', an Ghearmáin),

— Kevla GmbH ('Kevla', an Ghearmáin).

Gheobhaidh Kiwa agus adesso rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Kevla.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta é Kiwa arb é an speisialtóireacht atá aige táirgí a thástáil, a iniúchadh agus a dheimhniú de réir caighdeán deimhniúcháin sonraithe agus tá sé gníomhach san Eoraip, san Áise, san Afraic agus i SAM,

— Soláthraíonn Adesso raon seirbhísí chun cúloifigí leictreonacha a chomhtháthú. Chomh maith le comhairliúchán atá neamhspleách ó dhíoltóirí, áirítear leis na seirbhísí seo pleanáil, dearadh, tacaíocht agus cur i bhfeidhm tionscadal TF. Tá sé gníomhach san Eoraip, san Áise, san Afraic agus i SAM.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an ngnóthas Kevla: Ní raibh aon ghnó oibriúcháin ag Kevla sula bhfuair Kiwa agus adesso é. Beidh an comhfhiontar nuachruthaithe ina oibreoir ar ardán digiteach iltaobhach chun malartú doiciméad comhlíontachta idir cuideachtaí a uathoibriú beag beann ar a n-earnáil tionscail. Ar dtús, beidh na gníomhaíochtaí dírithe ar an nGearmáin ach d'fhéadfadh sé seirbhísí a thairiscint i dtíortha eile freisin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11601 — KIWA / ADESSO / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún trí ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË